Government of Ireland
Emigrant Support Programme

An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála
Department of Foreign Affairs and Trade



# Tacaíocht d'Éireannaigh Thar Lear

# Tuarascáil Bhliantúil 2017

# Clár

**Réamhfhocal ón Tánaiste agus an tAire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, An tAire Simon Coveney, T.D.** **3**

**Réamhfhocal ón Aire Stáit ar a bhfuil freagracht ar leith as an Diaspóra agus Forbairt Idirnáisiúnta, An tUasal Ciarán Cannon T.D.** **4**

**Réamhrá** **5**

**Clár Tacaíochta Eisimirceach** **6**

CLÁR TACAÍOCHTA EISIMIRCEACH Caiteachas de réir an Réigiúin Gheografaigh 8

Clár Tacaíochta Eisimirceach - Caiteachas de réir catagóire 11

Comhoibriú le hEagraíochtaí Cultúir Éireannaigh 13

Iniúchadh agus Dearbhú Cáilíochta 14

Fóram Sibhialta Domhanda Éireannach 14

Gradam an Uachtaráin 17

**Gnóthaí Diaspóra** **18**

**Tosaíochtaí don bhliain 2018** **21**

Tacaíocht atá Níos Inrochtana 21

Tacaíocht atá Níos Dírithe/Eagraithe 22

Tacaíocht atá Níos Freagraí 23

Tacaíocht atá Nasctha/Níos Cuimsithí 23

Níos mó Tacaíochta Straitéisí/An Chéad Ghlúin Eile 24

**Iarscríbhinn 1 -** Liosta iomlán d'eagraíochtaí a mhaoinítear faoin gClár Tacaíochta Eisimirceach **25**



Simon Coveney, T.D.
Tánaiste agus Aire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

## Réamhrá

Is é an nasc leanúnach atá ag Éirinn lena diaspóra ceann de na caidrimh idirnáisiúnta is tábhachtaí atá aici. Tá an nasc seo bunaithe ar rannpháirtíocht agus tacaíocht ón dá thaobh agus is sócmhainn agus freagracht é chomh maith.

Is é seo an chéad Tuarascáil Bhliantúil ar Thacaíocht d'Éireannaigh Thar Lear agus is cáipéis thábhachtach í ina sonraítear tacaíocht leanúnach an Rialtais d'eagraíochtaí Éireannacha ar fud an domhain agus do thionscadail a mbíonn tionchar mór acu ar ár bpobail ar fud na cruinne. Táimid tiomanta do thacaíocht a thabhairt dár n-eisimircigh, dár saoránaigh agus dár bpobail a bhfuil an tacaíocht sin de dhíth uathu agus ár ndlúthpháirtíocht a léiriú dóibh chomh maith.

Is léir dom go sonraítear doimhneacht agus raon na tacaíochta a chuirimid, mar náisiún, ar fáil do mhuintir na hÉireann thar lear agus do dhaoine de shliocht na hÉireann. Cothaíonn na tacaíochtaí seo diaspóra, cultúr agus luachanna na hÉireann ar fud na cruinne, ó na pobail sheanbhunaithe i Meiriceá go dtí na pobail nua bhríomhara atá ag forbairt san Áise.

Ag tógáil ar obair na tuarascála seo, táim cinnte go leanfaimid ar aghaidh ag tacú lenár ndiaspóra ar bhealach atá níos straitéisí agus níos éifeachtaí amach anseo. Aithneofar ról ár ndiaspóra agus cuirfear leis an ról sin amach anseo nuair a sheolfar Straitéis Chríocha Mheiriceá agus Straitéis an Aigéin Chiúin agus na hÁise sa bhliain 2018. Ar an gcaoi chéanna deimhnítear tábhacht ár ndiaspóra sa pholasaí nua a seoladh le déanaí, 'Global Ireland - Ireland's Global Footprint to 2025, (Éireannaigh an Domhain - Lorg Domhanda na hÉireann go dtí 2025), agus leagtar amach ról don diaspóra sin de réir mar a dhéanaimid iarracht ár rannpháirtíocht ar stáitse mór an domhain a mhéadú.

Is tráthúil an rud é mar sin an Tuarascáil Bhliantúil seo a fhoilsiú sa bhliain 2017 agus cuirimid an-fháilte roimpi.  Beidh an tuarascáil seo mar bhonn eolais don Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála agus is sampla maith é den trédhearcacht agus den chuntasacht a chomhlíonfaimid amach anseo.



**Simon Coveney, T.D.**
Tánaiste agus Aire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála



Ciarán Cannon T.D.
An tAire Stáit ar a bhfuil freagracht ar leith as an Diaspóra agus Forbairt Idirnáisiúnta

# Réamhrá

Is cúis áthais dom, mar Aire Stáit sa Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála ar a bhfuil freagracht ar leith as an Diaspóra, an chéad Tuarascáil Bhliantúil ar Thacaíocht d'Éireannaigh Thar Lear a fhoilsiú.


Is tosaíocht é don Rialtas tacú leis an bpobal Éireannach ar fud an domhain agus caidreamh a bhunú leo. Tá tiomantas an Rialtais dár bpobail thar lear le feiceáil sa mhaoiniú a cuireadh ar fáil d'eagraíochtaí agus tionscadail diaspóra faoin gClár Tacaíochta Eisimirceach agus tríd an mBuiséad do Ghnóthaí Diaspóra.

Tá stair fhada ag na hÉireannaigh i dtaisteal agus ag bogadh thar lear agus mar thoradh air sin tá pobail Éireannacha láidre agus bríomhara ar fud an domhain. Bíonn daoine muinteartha i dtíortha i gcéin ag go leor teaghlach Éireannach, agus pobail Éireannacha i ngach cearn den tír sin.

Tá sé rí-thábhachtach dom mar Aire go mbeidh saoránaigh na hÉireann atá anseo in Éirinn, mar aon leis an bpobal Éireannach domhanda ar an eolas maidir leis na naisc atá ann idir Éirinn agus Éireannaigh an domhain agus an tacaíocht atá ar fáil trí mhaoiniú Rialtais chomh maith. Tá súil agam go roinnfear feasacht na hoibre seo ar fud na cruinne agus go mbeidh sí mar spreagadh do dhaoine páirt níos mó a ghlacadh - agus go mbeidh sé sin mar bhonn ag níos mó smaointe, níos mó nuálaíochta agus comhoibriú níos láidre idir eagraíochtaí diaspóra ar thionscadail a mbíonn tionchar mór agus leanúnach acu ar ár saoránaigh agus ar ár bpobail thar lear.

Is scéal daonna é scéal na nÉireannach thar lear. Is príomhchuspóir é don Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, agus don Aonad tiomnaithe d'Éireannaigh Thar Lear go háirithe, tacaíocht a thabhairt dár bpobail thar lear agus rannpháirtíocht agus naisc idir na pobail sin agus pobail na hÉireann a chothú agus a mhéadú.

Is forbairt thábhachtach é foilsiú na Tuarascála Bliantúla seo don bhliain 2017, agus cuirtear an-fháilte roimpi, is tionscnamh nua é seo lena gcinnteofar go n-inseofar an scéal seo go forleathan agus go mbeidh a éagsúlacht agus a dhoimhneacht mar chuid de.



**Ciarán Cannon T.D.**
An tAire Stáit ar a bhfuil freagracht ar leith as an Diaspóra agus Forbairt Idirnáisiúnta

## Réamhrá

Is príomhchuspóir den Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála é na naisc atá ag Éirinn lenár saoránaigh Éireannacha agus le daoine de shliocht na hÉireann ar fud an domhain a neartú. Sa cháipéis 'Éireannaigh an Domhain – Beartas na hÉireann maidir leis an Diaspóra'; a d'fhoilsigh an Rialtas in 2015, leagtar amach fís uaillmhianach i gcomhair 'pobal Éireannach domhanda atá beoga, éagsúil agus comhcheangailte, agus a bhfuil ceangal aige le hÉirinn'. Cuimsítear sna pobail Éireannacha sin meascán d'eisimircigh Éireannacha, a sliocht siúd agus daoine a bhfuil cónaí orthu thar lear a bhfuil oidhreacht agus aitheantas Éireannach i gcoiteann acu agus naisc dhomhanda acu le hÉirinn.

Tá an Clár Tacaíochta Eisimirceach (CTE) i gcroílár chuspóirí Bheartas na hÉireann maidir leis an Diaspóra a bhaint amach. Tá an clár riartha ag Aonad na nÉireannach Thar Lear (AETL) de chuid na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála i mBaile Átha Cliath i gcomhpháirt le hAmbasáidí agus Consalachtaí na hÉireann thar lear.

| Líne Buiséid | Buiséad 2017 | Táirgeacht Iomlán 2017 |
|---|---|---|
| Clár Tacaíochta Eisimirceach | €11.595 milliún | €11.82 milliún |
| Gnóthaí Diaspóra | €0.68 milliún[1] | €0.68 milliún |

Cuireadh €225,000 níos mó leis an gClár Tacaíochta Eisimirceach ó na coigiltis a rinneadh áiteanna eile sa Roinn mar gheall ar an líon mór iarratas a fuarthas agus mhéadaigh sé seo caiteachas iomlán faoin CTE. Dáileadh líne buiséid eile i gcomhair 'Gnóthaí Diaspóra' don Roinn den chéad uair sa bhliain 2017. Riar Roinn an Taoisigh an líne buiséid sin roimhe sin.

I rith 2017, tugadh maoiniú do 396 Tionscadal ó 260 eagraíocht éagsúil dar luach iomlán €12.5 milliún maoiníodh 2 thionscadal trí Aonad na nÉireannach Thar Lear: €11.82 milliún tríd an gClár Tacaíochta Eisimirceach agus €0.68 milliún tríd an líne buiséid do Ghnóthaí Diaspóra.

[1] Tá buiséad €400,000 ar son Gnóthaí Diaspóra a dáileadh go sonrach don Roinn don bhliain 2017 agus buiséad eile a dáileadh do Roinn an Taoisigh roimhe seo san fhigiúr seo. I ndiaidh na n-athruithe maidir le hAirí le linn na bliana, bhog cúram an Aire ar a bhfuil freagracht ar leith as an Diaspóra chuig an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála amháin, áit a raibh na cúraim sin roinnte idir an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála agus Roinn an Taoisigh faoin bpost Aire an Stáit roimhe sin. Tugadh leithdháileadh breise don Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála faoin líne buiséid do Ghnóthaí Diaspóra chomh maith.
[2] An toradh beacht €12,499,809 – CTE €11,819,907; Gnóthaí Diaspóra €679,902

## Clár Tacaíochta Eisimirceach

De réir mar a leagtar amach i bPolasaí Diaspóra 2015 de chuid an Rialtais, is léiriú soiléir é an Clár Tacaíochta Eisimirceach ar thacaíocht, tiomantas agus suim an Rialtais sa phobal Éireannach ar fud an domhain. Tá sé mar aidhm ag an Rialtas, tríd an gClár tábhachtach seo an caidreamh atá ag an bpobal Éireannach ar fud an domhain le hÉirinn a neartú.

De bharr an tiomantais leanúnaigh sin, is féidir leanúint den obair thábhachtach atá ar bun ag eagraíochtaí agus ag pobail Éireannacha ar fud an domhain agus an obair sin a fhorbairt chun tacú le hinimircigh Éireannacha agus le diaspóra na hÉireann i gcoitinne.

Ó cuireadh tús leis an gClár Tacaíochta Eisimirceach (CTE) in 2004, cabhraíodh le níos mó ná 573 eagraíocht i 34 tír le deontais arbh fhiú os cionn €159 milliún iad san iomlán. Bhí idir shuimeanna beaga do ghrúpaí carthanacha beaga agus leithdháiltí móra airgeadais a dámhadh ar eagraíochtaí pobail a fheidhmíonn ar scála mór i gceist sna deontais seo.

Sa bhliain 2017 fuarthas níos mó ná 420 iarratas ó 20 tír éagsúil agus os cionn €20 milliún i maoiniú á lorg acu ó bhuiséad an Chláir dar luach €11.595 milliún. Is ionann €11,819,907 agus méid iomlán an mhaoinithe a bronnadh in 2017 ar 252 eagraíocht i gcomhair 387 tionscadal i 23 tír.[3]


I dteannta an chaiteachais a rinneadh mar thoradh ar an mbabhta deontais ar-líne don chlár bliantúil, an Clár Tacaíochta Eisimirceach, dáileadh maoiniú breise arbh fhiú €56,116 é tríd an bpróiseas ar a dtugtar 'Mission Fund' (An Ciste Misin). In 2015, mar fhreagra ar an tiomantas a leagtar amach i 'mBeartas na hÉireann maidir leis an Diaspóra', le breathnú ar bhealaí ar féidir an próiseas iarratais a shimpliú d'iarratasóirí a fhaigheann níos lú ná €5,000, forbraíodh catagóir speisialta ar a dtugtar 'Mission Fund', tá an chatagóir seo dírithe ar thionscadail bheaga a chothaíonn pobail atá bríomhar agus éagsúil thar lear. D'fhás an 'Mission Fund' ó 5 thionscadal a mhaoiniú i 4 thír darbh fhiú €7,104 san iomlán sa bhliain 2015 go dtí 20 tionscadal a mhaoiniú in 11 thír darbh fhiú €32,459 sa bhliain 2016, agus tugadh maoiniú do 17 dtionscadal ar an iomlán i 10 dtír sa bhliain 2017.

[3] Tá liosta iomlán d'eagraíochtaí a mhaoinítear faoin gClár Tacaíochta Eisimirceach ar fáil in Iarscríbhinn 1.

Cruthaíodh sruth nua ar leithligh sa bhliain 2017 ar a dtugtar 'Strategic Diaspora Project' (An Tionscadal Straitéiseach um Diaspóra) taobh istigh de leithdháileadh maoinithe an Chláir Tacaíochta Eisimirceach, ar bhonn trialach, le cabhrú lenár nAmbasáidí agus lenár gConsalachtaí thar lear a dtaithí, a gcumhacht agus a ndearcadh uathúil a úsáid le tionscadail uileghabhálacha lena mbeidh tábhacht straitéiseach dár bPobail thar lear a aithint. Chabhraigh an chatagóir seo lenár Misin freagairt go tapa do na riachtanais phráinneacha a bhí ag saoránaigh Éireannacha thar lear de réir mar a d'aithin siad iad agus bhí siad in ann freastal ar na héilimh seo a bhaineann le tionscadal diaspóra go tapa agus chuaigh na tionscadail seo chun cinn i gcomhpháirt le rialtais áitiúla áit a raibh suim straitéiseach ag Éirinn i gcaidrimh dhearfacha a chruthú leis an tír a bhí i gceist. Bronnadh maoiniú dár luach €147,520 san iomlán ar 8 dtionscadal i Stáit Aontaithe Mheiriceá, sa Bhreatain agus i gCeanada faoin gcatagóir nua seo. Áiríodh leis sin maoiniú breise chun tacú lenár saoránaigh nach bhfuil cáipéisí inimirce acu sna SAM mar fhreagra ar athruithe reachtúla ansin le linn na bliana. Dáileadh an maoiniú seo ar ár nAmbasáid in Washington agus ar ár nArd-Chonsalacht i Nua-Eabhrac.


GRAF 1

2017% Miondealú
ar Thionscadail




GRAF 2

2017% Miondealú
ar Chaiteachas Iomlán an Chláir Tacaíochta Eisimirceach





| Líon Iomlán na dTionscadal Maoinithe | in 2017 | Caiteachas iomlán in 2017 |
|---|---|---|
| Clár Tacaíochta Eisimirceach | 362 | €11,616,271 |
| An Ciste Misin | 17 | €56,116 |
| Tionscadail Straitéiseacha um Diaspóra | 8 | €147,520 |
| **CAITEACHAS IOMLÁN AN CHLÁIR TACAÍOCHTA EISIMIRCEACH** | **387** | **€11,819,907** |

## Clár Tacaíochta Eisimirceach - Caiteachas de réir Réigiúin Gheografaigh

Faigheann an Bhreatain an céatadán maoinithe is mó fós faoin gClár Tacaíochta Eisimirceach. B'ionann an méid maoinithe a fuair tionscadail sa Bhreatain agus 45% de mhaoiniú iomlán CTE a dháiltear ar fud an domhain sa bhliain 2017, bhí na SAM sa dara háit agus fuair tionscadail ansin 34% den mhaoiniú iomlán.

GRAF 3

2017% Miondealú Maoinithe de réir Réigiúin





| Réigiún | 2017 |
| --- | --- |
| An Bhreatain | €5,344,993 |
| SAM | €4,043,776 |
| Éire | €1,524,081 |
| An Astráil | €463,316 |
| Ceanada | €277,776 |
| Tíortha Eile an Domhain | €165,965 |
| **Iomlán** | **€11,819,907** |

Ba dheontais bheaga ní ba mhó ná leath na ndeontas a eisíodh tríd an gClár Tacaíochta Eisimirceach, faoi bhun €10,000 – tá 86 deontas (34%) a bhí ní ba lú ná €5,000 san iomlán san fhigiúr seo. Ar an taobh eile, eisíodh 15 dheontas do shuimeanna ní ba mhó ná €200,000.

GRAF 4

Líon na nEagraíochtaí a Maoiníodh i ngach Réigiún Faoi Bhandaí Caiteachais





Maoiniú CTE, CM & CSD a íocadh le heagraíochtaí sa bhliain 2017 de réir Réigiúin

| RÉIGIÚN | ≤ €5,000 | €5,001-€10,000 | €10,001 – €50,000 | € 50,001 - €100,000 | €100,001 - €200,000 | €200,001 - €500,000 | Os cionn €500,000 | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| An Bhreatain | 30 | 20 | 33 | 12 | 12 | 6 | 0 | 113 |
| SAM | 11 | 15 | 14 | 4 | 8 | 4 | 1 | 57 |
| Éire | 1 | 0 | 4 | 1 | 2 | 4 | 0 | 12 |
| An Astráil | 9 | 5 | 1 | 3 | 1 | 0 | 0 | 19 |
| Ceanada | 16 | 2 | 4 | 0 | 1 | 0 | 0 | 23 |
| Tíortha Eile an Domhain | 19 | 4 | 5 | 0 | 0 | 0 | 0 | 28 |
| **IOMLÁN** | **86** | **46** | **61** | **20** | **24** | **14** | **1** | **252** |

≤ €5,000
€5,001-€10,000
€10,001 – €50,000
€ 50,001 - €100,000
€100,001 - €200,000
€200,001 - €500,000
Os cionn €500,000
Iomlán

GRAF 5

Líon na n-eagraíochtaí a maoiníodh sa Bhreatain agus sna SAM faoi Bhandaí Caiteachais




Maoiniú CTE, CM & CSD a íocadh le heagraíochtaí sa bhliain 2017 de réir Réigiúin

| RÉIGIÚN | ≤ €5,000 | €5,001-€10,000 | €10,001 – €50,000 | € 50,001 - €100,000 | €100,001 - €200,000 | €200,001 - €500,000 | OS CIONN €500,000 | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **An Bhreat-ain** | 30 | 20 | 33 | 12 | 12 | 6 | 0 | **113** |
| **SAM** | 11 | 15 | 14 | 4 | 8 | 4 | 1 | **57** |


## CLÁR TACAÍOCHTA EISIMIRCEACH Caiteachas de réir Catagóire

Léirítear fís an Rialtais, de réir mar a leagtar amach i mBeartas na hÉireann maidir leis an Diaspóra 2015, chun tacaíocht a thabhairt agus teagmháil a dhéanamh agus 'pobal Éireannach domhanda atá beoga, éagsúil agus comhcheangailte, agus a bhfuil ceangal aige le hÉirinn' a éascú, ar bhealach praiticiúil agus soiléir trí cholúin mhaoinithe an Chláir Tacaíochta Eisimirceach. Tríd an CTE, tacaíonn an Rialtas le tionscadail i gcatagóir éagsúla lena n-áirítear Leas (Daoine Aosta); Leas (Eile); Cultúr/Spórt/Oidhreacht; Caipiteal; Gnó.

Mar a leagtar amach i mBeartas na hÉireann maidir leis an Diaspóra, tugann an Rialtas tosaíocht do thacaíocht airgeadais a thabhairt d'eagraíochtaí atá i mbun seirbhísí príomhúla comhairleacha agus cúram poiblí a chur ar fáil d'eisimircigh Éireannacha, agus baill dár bpobal thar lear atá leochaileach agus ar an imeall, lena n-áirítear daoine aosta go háirithe. Sa bhliain 2017, tugadh €7,251,669 den €11,819,907 a bronnadh, 61% den tsuim iomlán a bronnadh faoi na catagóirí leasa. Bhí 197 tionscadal éagsúil i gceist leis an maoiniú seo agus maoiníodh níos mó ná 50% de líon iomlán na dtionscadal faoin gclár seo.

GRAF 6

Miondealú ar líon na dtionscadal a maoiníodh faoin CTE, faoin gCiste Misin agus faoin CSD sa bhliain 2017 de réir catagóire





| | |
|---|---|
| Leas Eile | 105* |
| Leas Daoine Aosta | 92 |
| Cultúr/Oidhreacht/Spórt | 146 |
| Caipiteal | 23 |
| Líonra Gnó | 21 |
| **Iomlán** | **387** |

**Áirítear na hÉireannaigh sa Bhreatain a chuimsíonn Leas Eile agus Daoine Aosta*

GRAF 7

## Miondealú ar chaiteachas iomlán CTE in 2017 de réir catagóire




| Catagóir | Maoiniú |
|---|---|
| Leas | €7,251,669 |
| Cultúr/Oidhreacht/Spórt | €2,382,611 |
| Caipiteal | €2,000,395 |
| Gnó | €185,232 |
| **Caiteachas Iomlán** | **€11,819,907** |

| 2017 | An Bhreatain | SAM | Éire | An Astráil | Ceanada | Tíortha Eile an Domhain |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Leas** | €4,621,731 | €1,487,710 | €666,427 | €396,847 | €75,413 | €3,541 |
| **Cultúr/Oidhreacht/Spórt** | €945,042 | €774,617 | €363,119 | €41,600 | €163,502 | €94,731 |
| **Caipiteal** | €92,250 | €1,840,007 | €0 | €21,676 | €36,896 | €9,566 |
| **Gnó** | €53,679 | €56,268 | €2,000 | €3,193 | €1,965 | €68,127 |
| **IOMLÁN** | **€5,712,702**[4] | **€4,158,602**[5] | **€1,031,546** | **€463,316** | **€277,776** | **€175,965**[6] |

[4] Áirítear leis sin €367,709 breise a tugadh don CCE agus don CLG in Éirinn le tacú le maoiniú sa RA
[5] Áirítear leis sin €114,826 breise a tugadh don CCE agus don CLG in Éirinn le tacú le maoiniú sna SAM
[6] Áirítear leis sin €10,000 breise a tugadh don CCE agus don CLG in Éirinn le tacú le maoiniú sa tSeapáin

## Comhoibriú le hEagraíochtaí Cultúir Éireannaigh


Tá níos mó ná 420 club CLG taobh amuigh d'Éirinn i 45 tír éagsúil ar fud na cruinne.

Tá comhpháirtíocht maoinithe ag an Roinn leis an CLG i gcomhair Cluichí agus d'oifigigh Fhorbartha Pobail sa Bhreatain agus i gceantair sna SAM le deich mbliana anuas, agus dáileadh €250,000 ar na tionscadail seo in 2017.



Solace Women's Aid, Londain

Ina theannta sin, ó 2013 i leith, trí Chiste Forbartha na gCluichí Domhanda, sholáthair an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála agus CLG maoiniú le haghaidh tionscadail forbartha i gclubanna CLG san Áise, in Astraláise, i gCeanada, san Eoraip, sa Mheánoirthear, san Afraic agus i Meiriceá Theas. Tugann an Ciste seo tacaíocht airgeadais do thionscadail agus do thograí a mhéadaíonn nó a fheabhsaíonn deiseanna do Dhiaspóra na hÉireann agus do phobail eile thar lear le Cluichí Gaelacha a imirt, ag neartú líonraí Éireannacha agus aitheantas na nÉireannach go hidirnáisiúnta, ag cothú mothú de phobal na hÉireann agus ag cruthú naisc thábhachtacha idir an pobal Éireannach ar fud an domhain agus a bpobail áitiúla.



Paráid Lá Fhéile Pádraig, Derby

Chuaigh Ciste Forbartha na gCluichí Domhanda ó neart go neart óna thacaíocht do 14 thionscadal in 2013 go dtí maoiniú a thabhairt do 59 tionscadal éagsúil ar fud na cruinne sa bhliain 2017. Is imeachtaí aonuaire iad roinnt de na tionscadail, agus bíonn gníomhaíochtaí ar feadh na bliana ag gabháil le roinnt eile. Sa bhliain 2017 thug an Roinn €135,000 don CLG le haghaidh Chiste Forbartha na gCluichí Domhanda, thug an CLG an méid céanna freisin chun an buiséad a dhéanamh don bhliain.

Bíonn an Roinn ag comhoibriú go grinn le Comhaltas Ceoltóirí Éireann chun cultúr na hÉireann a chur chun cinn ar fud an domhain agus mothú níos doimhne den nasc lena bhfréamhacha a chothú i measc diaspóra na hÉireann. Úsáideann Comhaltas ceol na hÉireann, le cuidiú ón maoiniú a fhaigheann siad tríd an CTE, le dul i gcion ar an nglúin níos óige de phobail na hÉireann thar lear agus ar ár ndiaspóra dáimhe. Tugadh €245,000 do Chomhaltas an bhliain seo caite faoin CTE do ghníomhaíochtaí a bhí ar súil sa Bhreatain, i Meiriceá Thuaidh agus i gCeanada, mar aon le Comhaltas a leathnú chomh fada leis an tSeapáin.



Daoine a ghlac páirt sa chéad Chomórtas Óige CLG Áiseach



Filleadh Aisling ar Éirinn

## Iniúchadh agus Dearbhú Cáilíochta

Tá an Roinn tiomanta go daingean a chinntiú go ndéanfar monatóireacht dea-chleachtais ar an gcaiteachas airgeadais a bhaineann le deontais an Chláir Thacaíochta Eisimirceach. Idir 2014 agus 2017, rinne Aonad na nÉireannach Thar Lear 28 gnáthiniúchadh ar eagraíochtaí CTE trí sholáthróir seachtrach. Bhí an figiúr sin breis agus dhá oiread níos airde an bhliain seo – agus rinneadh iniúchadh ar 11 eagraíocht, (2014-6; 2015- 6; 2016- 5) agus b'ionann €54,389 agus costas iomlán na n-iniúchtaí sin. Bhí clár iniúchta ní ba mhó maidir le heagraíochtaí in Éirinn mar chuid de sceideal 2017, coinníodh an gnáthleibhéal iniúchta sa Bhreatain agus méadaíodh fairsinge na n-iniúchtaí chuig Ceanada chomh maith. Nuair a rinneadh an t-iniúchadh fuair an 11 eagraíocht deontas le haghaidh 2016-17 agus díobh siúd: bhí 3 cinn níos lú ná €50,000; bhí 2 idir €50,000 & €100,000; bhí 4 cinn idir €100,000 & €200,000; agus bhí 2 thar €200,000. Bhreathnaigh na hiniúchóirí ar réimsí cosúil le struchtúir rialachais agus bhainistíochta, comhdhéanamh boird & uainíocht, luach ar airgead, gur úsáideadh an deontas de réir cuspóirí CTE, gur caitheadh an t-airgead de réir na dtéarmaí agus na gcoinníollacha aontaithe agus gur coinníodh cuntais agus tuairiscí cearta ar an gcaiteachas sin. D'oibrigh eagraíochtaí go gníomhach le hAonad na nÉireannach Thar Lear agus na hambasáidí cuí agus chuir siad na torthaí in iúl dóibh agus chuaigh siad i ngleic le moltaí.




Emerald Isle Immigration Center, Nua-Eabhrac

## An Fóram Sibhialta Domhanda Éireannach

Bhí an dara Fóram Sibhialta Domhanda Éireannach ar siúl ar an 4-5 Bealtaine 2017 i gCaisleán Bhaile Átha Cliath agus ba é "Pobail, Naisc, Comhráite" an téama a bhí leis an ócáid. De réir mar a tharla sa chéad Fhóram Sibhialta Domhanda Éireannach in 2015, tháinig ceannairí pobail as Éirinn ó gach cearn den domhan, ó phobail imircigh agus diaspóra, le chéile chun na dúshláin atá roimh mhuintir na hÉireann thar lear a phlé. D'fhreastail níos mó ná 220 duine ar an bhFóram, ag ionadú níos mó ná 150 eagraíocht a oibríonn le diaspóra na hÉireann ar fud an domhain.



Fóram Éireannach Luton

Bhí plé painéil ar shaincheisteanna téamacha móra lena n-áirítear: Pobail Éireannacha atá ag teacht chun cinn ar fud na cruinne – freastal ar a riachtanais agus deiseanna le comhoibriú a aithint; Cumarsáid Níos Fear i Ré Dhigiteach – uirlisí nua a úsáid le coinneáil i dteagmháil; Cultúr Éireannach a Shamhlú don Todhchaí – Éire úrnua a léiriú agus glúine Éireannacha thar lear atá le teacht a spreagadh le beith páirteach; Cearta Vótála i dToghcháin an Uachtaráin; mar aon le Ceardlanna agus seisiúin ar ábhair ar leith lena n-áirítear eisimircigh ag filleadh ar ais, ár saoránaigh gan cáipéisí inimirce sna SAM, meabhairshláinte na saoránach thar lear, rialú, tiomsú airgid, clárú cultúrtha agus pleanáil don todhchaí.[7] Chuaigh na rannpháirtithe i ngleic go domhain leis na hábhair seo agus bhí go leor fuinnimh acu, bhí an dearfacht seo le feiceáil sna freagraí a fuarthas mar chuid den suirbhé aiseolais a tugadh do gach duine a d'fhreastail ar an bhfóram. Fuarthas rátaí sásaimh an-ard don Fhóram, agus dúirt 65% de na daoine a d'fhreastail air go ndearna siad naisc fadtréimhseacha le heagraíochtaí agus le daoine nua. Aithníodh sa Thuarascáil ar an bhFóram Sibhialta seacht bpríomhthéama iarmheasúnaithe, bhí 21 tiomantas ón Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála mar thoradh ar na príomhthéamaí sin agus seachadadh ar na tiomantais sin cheana féin nó tá an obair orthu ar siúl faoi láthair. Ba é €69,751 costas iomlán an Fhóraim Shibhialta sa bhliain 2017.

[7] Tá Tuairisc iomlán ar an bhFóram Sibhialta ar fáil ar https://www.dfa.ie/media/dfa-2017/globalirish/Civic-Forum-Report.pdf

# 'Ag Cumhachtú agus ag Nascadh Eagraíochtaí CTE'

## Lámhleabhar ar Chumarsáid na nÉireannach ar fud an Domhain

Chuir Aonad na nÉireannach Thar Lear an lámhleabhar seo le chéile agus seoladh é ag an bhFóram Sibhialta Domhanda Éireannach i mBealtaine 2017, tá sé mar aidhm ag an Lámhleabhar ar Chumarsáid na nÉireannach ar fud an Domhain cabhrú le heagraíochtaí Diaspóra na nÉireann cumarsáid lena bpobail, lena chéile agus le hÉirinn a fheabhsú.

Tá comhairle sa Lámhleabhar d'eagraíochtaí ar bhealaí ar fhéidir leo a gcumarsáid a uasmhéadú, agus béim ar leith ar na meáin shóisialta agus ar acmhainní digiteacha, piarfhoghlaim agus ar an gcumarsáid chun deiseanna maoinithe a fheabhsú.
*Íoslódáil an Lámhleabhar Cumarsáide anseo*.

## Eolaire na nÉireannach ar fud an Domhain

Chomhthiomsaigh Aonad na nÉireannach Thar Lear i gcomhpháirt lenár nAmbasáidí agus ár gConsalachtaí Eolaire na nÉireannach ar fud an Domhain agus tá sé ar fáil ar líne agus níos mó ná 760 eagraíocht Éireannach ó gach cearn den domhan liostáilte air. Is é seo an dara leagan den eolaire agus is é cuspóir an eolaire cabhrú le heagraíochtaí Diaspóra na hÉireann a gcumarsáid agus a gcomhoibriú lena chéile a fheabhsú agus cuidiú le daoine ar suim leo teagmháil a dhéanamh le ceann de na heagraíochtaí Éireannacha in áit ar leith.
*Íoslódáil an Lámhleabhar/Eolaire Diaspóra anseo.*



Gaiscí na nÉireannach thar lear a cheiliúradh - An tUachtarán agus Bean Uí Uigín leis an Tánaiste, an tAire Stáit Cannon agus Buaiteoirí Ghradam an Uachtaráin 2017

## Gradam an Uachtaráin

Tá Gradam an Uachtaráin á riar ag Aonad na nÉireannach thar lear agus is siombail thábhachtach í ar an tábhacht a leagann Éire ar na hÉireannaigh ar fud an domhain, agus ar a n-obair agus ar a ngaiscí.

Cé gur dearadh scéim Ghradaim an Uachtaráin i dtosach le haitheantas a thabhairt do 'shaoránaigh Éireannacha, daoine atá i dteideal saoránachta agus daoine de shliocht Éireannach a chuir seirbhís leanúnach agus speisialta ar fáil d'Éirinn nó do phobail Éireannacha thar lear', i ndiaidh athbhreithniú a rinne an Painéal Ardleibhéil Comhairleach, chinn an Rialtas i mí Dheireadh Fómhair 2017 go leathnófar an bhéim seo chun aitheantas a thabhairt do dhaoine a bhfuil naisc Éireannacha acu a chuidigh go leanúnach agus ar bhealach speisialta le saincheisteanna domhanda, nach bhfuil nasc idir iad féin agus Éire nó pobal Éireannach. Táthar ag súil go mbeidh níos mó daoine incháilithe do na duaiseanna seo agus go mbeidh tionchar níos mó acu i dtábhacht fhiúntas domhanda níos leithne agus gaiscí daoine agus pobail Éireannacha ar fud an domhain a aithint. Ba é €45,962 costas iomlán scéim Ghradaim an Uachtaráin sa bhliain 2017.

| Buaiteoirí Ghradaim an Uachtaráin 2017 | Catagóir | Láthair |
|---|---|---|
| Bernard Canavan | Na hEalaíona, Cultúr agus Spórt | An Bhreatain |
| Liam Neeson | Na hEalaíona, Cultúr agus Spórt | SAM |
| Patricia Harty | Gnó agus Oideachas | SAM |
| Denis Mulcahy | Obair Charthanach | SAM |
| Mary T. Murphy | Obair Charthanach | An Aetóip |
| Hideki Mimura | Tacaíocht don Phobal Éireannach | An tSeapáin |
| Jacqueline O'Donovan | Tacaíocht don Phobal Éireannach | An Bhreatain |
| John de Chastelain | Síocháin, Réiteach & Forbairt | Ceanada |
| Marianne Elliot | Síocháin, Réiteach & Forbairt | An Bhreatain |
| William Campbell | Eolaíocht, Teicneolaíocht & Nuálaíocht | SAM |

## Gnóthaí Diaspóra

Bhí freagracht ar Aonad na nÉireannach Thar Lear as an líne buiséid bhreise den chéad uair sa bhliain 2017, líne buiséid do Ghnóthaí Diaspóra a thugtar ar an líne sin. Maoiníodh 9 dtionscadal arbh fhiú €679,902 ar an iomlán iad faoin líne buiséid do Ghnóthaí Diaspóra an bhliain seo caite. Díríodh caiteachas Ghnóthaí Diaspóra ar thionscadail straitéiseacha a thacaíonn le hobair an Choiste Idir-Rannaigh ar na hÉireannaigh Thar Lear agus ar Straitéisí Rialtais a bhí ann cheana féin. Cuireadh béim ar leith ar na straitéisí a raibh baint mhór acu le hobair níos fairsinge na Roinne seo. Áirítear sna straitéisí sin: 'Ireland Connected'; Straitéis Oideachais Idirnáisiúnta; Éire Ildánach; agus an Straitéis Náisiúnta Turasóireachta. Cuireadh béim ar leith ar thionscadail a thacaíonn le heisimircigh Éireannacha atá ag filleadh ar Éirinn. I ndiaidh tréimhse ina raibh níos mó eisimirce as an tír ná inimirce ón mbliain 2010, bhí níos mó inimirce ná eisimirce sa bhliain 2016 agus tháinig 26,428 eisimirceach Éireannach ar ais chun na hÉireann an bhliain sin.

Sa bhliain 2017, bhunaigh an Roinn clár nua meantóireachta ar a dtugtar 'Back for Business' (Réidh chun Gnó a Dhéanamh), a dhírigh ar fhiontraithe a bhí ar eisimirce agus a bhí chun filleadh ar ais ar Éirinn. Tugtar le fios i dtaighde go gcuireann an t-am a chaitear thar lear ar chumas duine gnó rathúil a chruthú agus a fhás. Ag an am céanna, bíonn dúshláin ar leith os comhair daoine a fhilleann ar Éirinn nuair a dhéanann siad iarracht gnó nua a bhunú. I measc na ndúshlán seo; tá bearnaí i líonraí pearsanta agus proifisiúnta, tacaíocht, agus eolas áitiúil atá cothrom le dáta agus d'fhéadfadh na rudaí seo a bheith an-tábhachtach i mbunú gnó nua rathúil. Chláraigh 45 eisimirceach a d'fhill ar Éirinn le déanaí don chlár 'Back for Business' a bhunaigh Aonad na nÉireannach Thar Lear le déanaí, díobh siúd bhí 26 bean agus 19 bhfear as gach cearn den tír.[8] As na rannpháirtithe sin, dúirt ochtar go bhfuil táirgí le heaspórtáil acu cheana féin, dúirt tríocha cúig (78%) go bhfuil siad ag súil le táirgí a easpórtáil i gceann cúig bliana; dúirt 13 rannpháirtí (29%) go bhfuil níos mó ná duine amháin fostaithe acu sa ghnó nua agus bhí na rannpháirtithe uile ag súil go mbeidh siad ina bhfostóirí agus dúirt leath an ghrúpa (51%) go bhfuil siad ag súil le deichniúr nó níos mó daoine a fhostú i gceann cúig bliana. Déanfar athbhreithniú ar thionchar an tionscadail thrialaigh seo nuair a chuirtear chun críche é i Samhradh 2018.



An tAire Stáit ar a bhfuil freagracht ar leith as an Diaspóra, Ciarán Cannon T.D. le rannpháirtithe ag seoladh 'Back for Business'.

[8]Feic https://www.backforbusiness.com/ chun tuilleadh eolais a fháil



'Migration Nation' An Dr Christopher Kissane (cathaoirleach), Taqwa Al Hariri, Marcin Piotrowski, Zainab Boladale agus iad ag plé a dtaithí ar inimirce chun na hÉireann ag 'Ireland's Edge 2017', Daingean Uí Chúis, Contae Chiarraí.

Tháinig méadú ar líon na dtuairiscí maidir leis na 'bacainní' a bhíonn ar eisimircigh Éireannacha atá ag iarraidh filleadh ar Éirinn sa bhliain 2017. Ag tógáil ar obair an Choiste Idir-Rannaigh ar na hÉireannaigh Thar Lear ar a bhfuil an tAire Stáit ar a bhfuil freagracht ar leith as an Diaspóra ina cathaoirleach, mhaoinigh an líne buiséid do Ghnóthaí Diaspóra na Roinne tuarascáil eacnamaíoch ar na deacrachtaí a bhí ag eisimircigh Éireannacha a fhilleann ar Éirinn sa bhliain 2017.[9] Bhreathnaigh an Rialtas ar an Tuarascáil seo, ina leagtar amach tríocha moladh dírithe thar naoi réimse téamacha, i Márta 2018 agus tugadh na moltaí sin do na Ranna Rialtais chuí chun iad a chur chun feidhme.

Thacaíomar le *Ireland's Edge Conference* a bhí ar siúl ar an 1-2 Nollaig 2017 i nDaingean Uí Chúis, Co. Chiarraí, tríd an líne buiséid do Ghnóthaí Diaspóra. Is comhdháil chruthaitheach bhliantúil í 'Ireland's Edge' agus bíonn sí ar siúl mar chuid den Fhéile Other Voices. Mar chuid den chomhoibriú le hAonad na nÉireannach Thar Lear, ba é *'Ireland – Migration Nation'* (Éire - Tír d'Imirce) téama na Comhdhála sa bhliain 2017. Bhí díospóireacht ar thaithí eisimirceach Éireannach agus taithí inimirceach a thagann go hÉirinn mar chuid den phlé painéil. Pléadh na bealaí inar féidir le hÉire cur leis an gcomhrá maidir le inimirce agus eisimirce, ar chaoi ina léirítear an dá taobh dár náisiún imirce.


[9]Léigh an Tuarascáil iomlán anseo https://www.dfa.ie/media/dfa-2017/globalirish/Report-on-Returning-Emigrants-2018.pdf

Díríodh ar rannpháirtíocht an diaspóra thar lear le pobail anseo in Éirinn a mhéadú i dtionscadail eile a maoiníodh tríd an líne buiséid do Ghnóthaí Diaspóra.

| Gnóthaí Diaspóra | Maoiniú |
|---|---|
| Meantóireacht i gcomhair 'Back for Business' | €119,900 |
| Tuarascáil ar na Bacainní atá ann d'Eisimircigh a fhilleann ar Éirinn | €67,478 |
| Ireland Reaching Out - rannpháirtíocht leis an diaspóra áitiúil | €50,000 |
| Comhdháil 'Migration Nation' mar chuid de 'Ireland's Edge'. | €50,000 |
| EPIC – Músaem Imirce na hÉireann | €50,000 |
| Tionscadal Turasóireachta Diaspóra Fháilte Éireann | €210,000 |
| Inlighten | €25,500 |
| Taispeántas in Ollscoil Quinnipiac ar an nGorta Mór i mBaile Átha Cliath agus sa Sciobairín | €85,925 |
| Grúpa Ceannaireachta Éireannach ar an Teicneolaíocht ag 'Young Innovators Conference', Sionainn | €21,099 |
| **Ar an iomlán** | **€679,902** |

## Na Tosaíochtaí don bhliain 2018

Ag tógáil ar an obair a rinneadh sa bhliain 2017, díreoimid ar rannpháirtíocht diaspóra agus leanfaimid ar aghaidh ag tacú lenár diaspóra le:




### Tacaíocht atá Níos Inrochtana

D'éist an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála le heagraíochtaí a dúirt arís is arís go bhfuil na nósanna imeachta reatha don Chlár Tacaíochta Eisimirceach róchasta do ghrúpaí beaga pobail atá ag eagrú tionscadail fhiúntacha a mbeidh tionchar ar leith acu ar an bpobal Éireannach sa cheantar áitiúil. Sa bhliain 2018, beidh €300,000 de mhaoiniú breise ar fáil d'Ambasáidí agus do Chonsalachtaí Éireannacha thar lear ionas go mbeidh siad in ann tionscadail bheaga áitiúla atá fiúntach a mhaoiniú go díreach agus go tapa. Mar sin, ní bheidh ar eagraíochtaí beaga na critéir agus na cáipéisí a bhaineann leis an gClár Tacaíochtaí Eisimirceach a chomhlíonadh, tá nósanna imeachta an chláir níos oiriúnaí do thionscadail agus d'eagraíochtaí móra.

Cuirfidh an Roinn gnásanna riaracháin nua i bhfeidhm sa bhliain 2018 do na heagraíochtaí sin ar mian leo cur isteach ar an gClár Tacaíochta Eisimirceach ionas go ndéanfar cinneadh ar roinnt deontais níos lú níos tapúla, ag cur le ról ár nAmbasáidí agus ár gConsalachtaí sa Bhreatain, i Stáit Aontaithe Mheiriceá, san Astráil agus i gCeanada. Táthar ag súil go gcabhróidh na gnásanna nua seo le himeachtaí beaga sealadacha chomh maith.

Tá na hathraithe seo i measc roinnt athruithe móra a chuirfear i bhfeidhm ar ghnásanna an Chláir Thacaíochta Eisimirceach agus táthar ag súil go mbeidh an maoiniú tábhachtach seo níos inrochtana do ghrúpaí diaspóra mar gheall ar na hathruithe seo. Beidh feidhmiú na ngnásanna athbhreithnithe seo faoi réir athbhreithnithe inmheánaigh nuair a chuirtear an babhta deontais le haghaidh 2018-19 i gcrích, táthar ag súil go mbreathnófar ar fhéidearthacht maoiniú do roinnt eagraíochtaí i gcomhair cúpla bliain ag an bpointe sin.

Is gné ríthábhachtach é faisnéis shoiléir a chur ar fáil chun inrochtaineacht ar an gClár Tacaíochta Eisimirceach a fheabhsú. Rinneadh athbhreithniú domhain ar na treoirlínte tábhachtacha agus na cáipéisí faisnéise agus tá siad uile ar fáil ar líne anois le cabhrú le heagraíochtaí ar suim leo cur isteach ar an gclár, agus chun eolas níos soiléire a chur ar fáil maidir le conas a dhéantar cinneadh ar na deontais CTE.

### Tacaíocht atá Níos Dírithe/Eagraithe

Mar a leagtar amach i mBeartas na hÉireann maidir leis an Diaspóra, is é príomhchuspóir an Chláir Tacaíochta Eisimirceach tacú le riachtanais leasa na ndaoine agus na bpobal Éireannach is leochailí thar lear. Tugadh tús áite don tacaíocht leasa seo le linn na tréimhse athbhreithnithe seo chomh maith agus leanfar ar aghaidh leis an tosaíocht seo in 2018-19.

Fad is a leanaimid ar aghaidh leis an tiomantas seo, iarrfaimid ar ár n-eagraíochtaí comhpháirtíochta níos mó a dhéanamh le tionchar ár maoinithe agus na riachtanais a bhfreastalaítear orthu trí thionscadail atá maoinithe ag an CTE a léiriú. Molfaimid níos mó comhoibrithe idir na heagraíochtaí éagsúla le cinntiú go mbeidh tionchar níos mó mar thoradh ar an maoiniú. I ndiaidh cainteanna ag an bhFóram Sibhialta Domhanda Éireannach i mBealtaine 2017, beidh maoiniú sonrach €200,000 ar fáil i mbabhta deontais CTE le haghaidh 2018-19 do thionscadail nua comhpháirtíochta ina mbeidh dhá eagraíocht nó níos mó páirteach iontu.

Leanfaidh an Rialtas ar aghaidh ag tabhairt tosaíochta d'eagraíochtaí agus do thionscadail a thacaíonn lenár saoránaigh nach bhfuil cáipéisí inimirce acu ar fud an domhain agus a fhreastalaíonn ar a riachtanais tríd an gClár Tacaíochta Eisimirceach.

Maidir le rannpháirtíocht diaspóra níos ginearálta, oibreoimid lena chinntiú go léireofar éagsúlacht Éire sa lá atá inniu ann agus ár ndiaspóra ar bhealach níos soiléire inár rannpháirtíocht agus inár dtacaíocht. I dteannta bhuiséad an Chláir Thacaíochta Eisimirceach úsáidfear an líne buiséid eile do 'Ghnóthaí Diaspóra' de €600,000 mar bhuiséad Forbartha Diaspóra chun rannpháirtíocht reatha an Rialtais a shíneadh chuig pobal diaspóra níos mó. Chomh maith le dul i dteagmháil le grúpaí diaspóra traidisiúnta, aithneofar deiseanna go forghníomhach chun teagmháil a dhéanamh le grúpaí nua taobh istigh den diaspóra, teagmháil a dhéanamh le grúpaí diaspóra 'neamh-thraidisiúnta' nó grúpaí a bhí faoi ghannionadaíocht go dtí seo e.g. daoine óga, mná, daoine a bhfuil naisc le hUltais acu, an pobal LGBTQI agus an diaspóra dáimhe.

### Tacaíocht atá Níos Freagraí

Bhí an Clár Tacaíochta Eisimirceach ina ionadaí ar cháiníocóir na hÉireann agus a thiomantas do phobail na hÉireann thar lear agus an €159,924,963 ar an iomlán a caitheadh ar an gclár ó bunaíodh é sa bhliain 2004.

Forbraíodh agus athraíodh ár gcórais iniúchóireachta le himeacht aimsire chun dea-chleachtas a chinntiú i dtaca le monatóireacht ar an gcaiteachas airgeadais a bhaineann leis na deontais seo. Idir 2014 agus 2017, rinne an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála 28 gnáthiniúchadh ar eagraíochtaí CTE trí sholáthróir seachtrach. Bhí an figiúr sin breis agus dhá oiread níos airde an bhliain seo – agus rinneadh iniúchadh ar 11 eagraíocht. Táthar ag súil le líon na n-eagraíochtaí a ndéantar iniúchadh orthu a mhéadú sa bhliain 2018 tar éis próiseas thairisceana iomaíoch, chun feidhmiú gnáthiniúchóireachta agus dearbhaithe cáilíochta níos leithne sa CTE a éascú.

Mar aon leis sin, táthar ag súil le tionchar na ndeontas a thomhas níos fearr, ar mhaithe leis an difríocht a dhéanann na deontais seo do dhaoine agus do phobail Éireannacha thar lear a aithint níos fearr. Mar chuid den phlean sin táimid ag obair go grinn le heagraíochtaí maoinithe le cinntiú go bhfuil a gcuid struchtúr féin maidir le rialú inmheánach in ann rannpháirtíocht shuaithinseach a sheasamh. D'athraíomar ár bpróisis mhonatóireachta agus tuairiscithe do 2018 ionas go mbeidh torthaí agus tionchar ár ndeontais i gcroílár an tuairisciú a dhéanann gach eagraíocht.

### Tacaíocht atá Nasctha/Níos Cuimsithí

Chonacthas naisc níos fearr agus cumarsáid níos fearr idir na heagraíochtaí diaspóra le linn na tréimhse idir 2015 agus an lá atá inniu ann. Óstáladh dhá Fhóram Sibhialta Domhanda Éireannach sa bhliain 2015 agus arís in 2017 agus chabhraigh na himeachtaí seo go mór chuige sin. Tháinig eagraíochtaí le chéile le dúshláin agus deiseanna coitianta a phlé, agus le teagmhálaithe díreacha agus pearsanta nua a chruthú. Ba théama mór é tábhacht agus buntáistí an chomhoibrithe ag an bhFóram Sibhialta in 2017 inar cuireadh béim ar an smaointeoireacht chomhleanúnach chomh maith. Cuirfidh an Rialtas maoiniú ón gClár Tacaíochta Eisimirceach ar leataobh chun tacú leis na hiarrachtaí seo agus chun iad a spreagadh chomh maith. Tabharfar an maoiniú seo do thionscadail chomhoibríocha ina nglacann dhá eagraíocht nó níos mó páirt iontu. Maidir lenár bpobal sa Bhreatain go háirithe, tabharfaimid maoiniú do thionscadal nua a dhíreoidh ar mhodhanna praiticiúla le dul i ngleic le haonrú sóisialta agus ar thábhacht chaidrimh idir-ghlúine chun saol sláintiúil a chur chun cinn i measc na bpobal atá ag dul in aois. Tosaíodh an obair cheana féin ar an tionscadal 'Good Match', tionscadal comhpháirtíochta leis an CLG agus Na hÉireannaigh sa Bhreatain, agus is é aidhm an tionscadail nasc a chruthú idir an seanphobal Éireannach agus Éireannaigh a tháinig le déanaí.

Tá an dúil seo chun níos mó obair nasctha a dhéanamh le feiceáil san obair a tugadh don Choiste Idir-Rannach ar na hÉireannaigh Thar Lear le cinntiú go bhfuil níos mó feasachta i Ranna uile an Rialtais ar an obair a dhéanann daoine eile le raon fairsing gníomhaíochtaí ar shaincheisteanna éagsúla chun tacaíocht a thabhairt do na hÉireannaigh thar lear agus a bheith rannpháirteach leo.

## Níos mó Tacaíochta Straitéisí/An Chéad Ghlúin Eile

Nuair a bhreathnaímid ar thodhchaí rannpháirtíochta ár ndiaspóra, i gcoinne na n-athruithe in inimirce idirnáisiúnta agus ar an athrú sna háiteanna a dtéann muintir na hÉireann ar eisimirce, níl aon dabht ach go mbeidh rannpháirtíocht trí chultúr agus trí oidhreacht na hÉireann níos tábhachtaí amach anseo. Léiríodh i gClár Cuimhneacháin 2016 conas a éiríonn le tionscadail chultúrtha agus oidhreachta daoine nua i dtíortha éagsúla a mhealladh le bheith rannpháirteach, agus is féidir tógáil ar an sampla seo. Beidh sé tábhachtach d'Éirinn an bonneagar cultúrtha iomlán atá ar fáil di ar fud an domhain a úsáid chun an rannpháirtíocht seo a uasmhéadú agus an bonneagar sin a fhorbairt agus a neartú do na riachtanais a bheidh againn amach anseo.

Beidh ról lárnach ag cultúr na hÉireann i rannpháirtíocht baill níos óige agus na glúine dár ndiaspóra atá le teacht, daoine atá i gcroílár Bheartas na hÉireann maidir leis an Diaspóra. Beidh ról níos mó ag na meáin shóisialta chomh maith chun an diaspóra agus na glúine níos óige a mhealladh le bheith rannpháirteach. Is tosaíocht ar leith é seo don Rialtas chun rannpháirtíocht a mhéadú in 2018. Mar aon leis an maoiniú a bheidh ar fáil d'Ambasáidí agus do Chonsalachtaí na hÉireann sa bhliain 2018, táthar ag iarraidh teagmháil a dhéanamh le glúine níos óige dár ndiaspóra agus le grúpaí eile a bhí faoi ghannionadaíocht go dtí seo. Mar sin cuirfear maoiniú breise €200,000 ar leataobh i mbabhta deontais an Chláir Thacaíochta Eisimirceach an bhliain seo le tacú le tionscadail a dhíríonn ar dhaoine óga agus/nó ar rannpháirtíocht idirghlúine.

**Aonad na nÉireannach Thar Lear**
An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála
Bealtaine 2018

# Iarscríbhinn 1 - Liosta iomlán d'eagraíochtaí a mhaoinítear faoin gClár Tacaíochta Eisimirceach

## Deontais Tacaíochta d'Eisimircigh 2017
## Achoimre ar an gClár Deontais

| TÍR/LIMISTÉAR | EURO |
|---|---|
| An Bhreatain | €5,344,993 |
| SAM | €4,043,776 |
| Éire | €1,524,081 |
| An Astráil | €463,316 |
| Ceanada | €277,776 |
| An tSeapáin | €28,142 |
| An tSiombáib | €25,000 |
| An Afraic Theas | €22,184 |
| An Phortaingéil | €15,000 |
| An Nua-Shéalainn | €13,105 |
| An Eilvéis | €8,484 |
| An Fhrainc | €7,000 |
| An Ungáir | €6,566 |
| An Chéinia | €6,049 |
| Cónaidhm na Rúise | €5,500 |
| An Ísiltír | €5,500 |
| An Ghearmáin | €5,150 |
| An tSín | €5,103 |
| An tSualainn | €3,528 |
| An Iorua | €3,404 |
| Lucsamburg | €2,750 |
| An tSile | €2,000 |
| An Eastóin | €1,500 |
| **Iomlán:** | **€11,819,907*** |

Tá an Ciste Misin agus Tionscadail Straitéiseacha Diaspóra áirithe sna figiúirí seo*

## An Bhreatain

| TIONSCADAL | EURO |
|---|---|
| Acton Homeless Concern Emmaus House and The Damien Centre | €32,618 |
| Age UK Hillingdon | €13,591 |
| Tionscadal Aisling | €106,553 |
| Ashford Place | €159,919 |
| Bell Farm Christian Centre | €6,710 |
| Benefits Advice Shop | €2,237 |
| Cumann Éireannach Birmingham | €212,285 |
| Birmingham TradFest Ltd | €3,914 |
| Blooming Survivors | €6,710 |
| Cumann Éireannach Boltan | €5,592 |
| Brent Centre for Young People | €20,130 |
| Seirbhís Comhairliúcháin d'Éireannaigh, Brent | €129,113 |
| Cumann Bhriain Bóramha | €17,893 |
| Cumann Cultúir na gCeilteach agus na nÉireannach | €11,743 |
| Coiste Fhéile Lá Fhéile Pádraig Coatbridge | €3,398 |
| Connection at St. Martins, The | €17,893 |
| Conradh na Gaeilge, Glaschú | €44,790 |
| Ionad Éireannach Corby | €9,106 |
| Corby Young At Heart Luncheon Group | €6,151 |
| Cumann Éireannach Coventry | €65,780 |
| Coiste Fhéile Lá Fhéile Pádraig Derby | €1,118 |
| Cumann Éireannach Doncaster | €3,355 |
| Féile na hÉireann, Dún Éideann | €3,262 |
| Emerald Centre, The | €55,916 |
| Emerald Circle Club | €3,805 |
| Emerald Senior Citizens Group | €4,026 |
| Féith an Cheoil Scoil Cheol Traidisiúnta na hÉireann | €5,032 |
| Friends, Families and Travellers | €39,141 |
| Golden Shamrock Club, The | €9,242 |
| Green Curtain | €2,500 |
| Cumann Pinsinéirí Éireannacha Greenwich | €3,355 |
| Cumann Éireannach Halifax agus an ceantar mórthimpeall Halifax | €5,436 |
| Ionad Éireannach Halifax | €8,695 |
| Haringey Cultural and Community Centre | €139,798 |
| Haslingden IDL Club | €4,473 |
| Hibernian Society, The | €14,797 |
| Ionad Éireannach Huddersfield | €3,914 |
| Coiste Fhéile Lá Fhéile Pádraig Huddersfield | €4,893 |

| | |
|---|---|
| IIBN Ltd (Líonra Idirnáisiúnta Gnó na hÉireann) | €42,496 |
| Immigrant Counselling and Psychotherapy (ICAP) | €162,172 |
| Cumann Tithíochta Inis Fraoigh | €5,436 |
| Fondúireacht Ealaíon Éireannach | €44,733 |
| Líonra Gnó na hÉireann, Albain | €13,979 |
| Séiplíneacht Éireannach sa Bhreatain | €236,310 |
| Club Éireannach Warrington | €5,144 |
| Cúraim Pobail na hÉireann, Manchain | €180,097 |
| Cúraim Pobail na hÉireann, Merseyside | €298,591 |
| Seirbhísí Phobal na hÉireann | €221,427 |
| Ionad Cultúrtha na hÉireann, Hammersmith | €150,734 |
| Comhlachas Daonlathach na hÉireann na Breataine Móire | €2,835 |
| Fondúireacht Diaspóra na hÉireann | €61,431 |
| Líonra Chomhairle d'Éireannaigh Aosta | €109,036 |
| Scannánaíocht na hÉireann, Londain | €11,341 |
| Oidhreacht na hÉireann | €7,067 |
| Na hÉireannaigh sa Bhreatain | €440,019 |
| Cumann Liteartha na hÉireann | €2,718 |
| Ceol agus Damhsa na hÉireann, Londain | €14,176 |
| Cór Pinsinéirí na hÉireann, Londain | €2,268 |
| Foras Pinsinéirí na hÉireann, Oirthear Londan | €5,436 |
| Club Éireannach Dé Máirt, Learpholl | €8,155 |
| Irish Women's Survivors Support Network | €55,363 |
| Cumann Éireannach, Jersey | €3,805 |
| Pinsinéirí na hÉireann, Kilburn | €1,701 |
| Lá Fhéile Bhríde, Londain | €2,840 |
| Leeds Gypsy & Traveller Exchange | €43,321 |
| Ionad Éireannach Leeds (Club Dé Máirt) | €15,936 |
| Sláinte & Tithe na nÉireannach, Leeds | €175,576 |
| Paráid agus Féile Lá Fhéile Pádraig, Leeds | €7,938 |
| Fóram Éireannach, Leicester & Leicestershire | €27,182 |
| Leicestershire G.A.T.E (Gypsy and Traveller Equalities) | €16,309 |
| Ionad Phobal na hÉireann, Lewisham | €54,907 |
| Grúpa do Phinsinéirí Éireannacha, Lewisham | €4,349 |
| Féile na hÉireann, Learpholl | €10,873 |
| London Gypsy and Traveller Unit | €84,264 |
| Club Rugbaí Amaitéarach Éireannach, Londain | €7,399 |
| Ionad Éireannach, Londain | €420,264 |
| London Metropolitan University | €20,658 |
| Fóram Éireannach, Luton | €106,799 |
| Grúpa Oideachais Éireannaigh, Manchain | €1,305 |

| | |
|---|---|
| Grúpa Gaeilge Mhanchain | €797 |
| Cumann Éireannach, Mansfield & Dukeries | €6,524 |
| Maya Centre | €16,309 |
| Ionad Éireannach Milton Keynes | €11,090 |
| Mind Yourself | €56,828 |
| Monica's Place | €63,508 |
| New Horizon Youth Centre | €39,692 |
| NOAH Enterprise | €68,296 |
| Cumann Éireannach, Tuaisceart na Breataine Bige | €4,349 |
| Grúpa Tacaíochta d'Éireannaigh, Northhampton | €48,927 |
| Paráid Lá Fhéile Pádraig, Nottingham | €5,691 |
| Older Irish in Britain Survey (IAU & S Brennan) | €24,600 |
| Cumann Éireannach, Oxford | €4,893 |
| Passage, The | €39,780 |
| Cumann Éireannach, Portsmouth | €1,138 |
| Safe Start Foundation | €81,955 |
| Cumann Éireannach, Sandwell | €39,270 |
| SanKTus | €26,964 |
| Cumann Éireannach, Sheffield | €1,191 |
| SIFA Fireside | €17,011 |
| Solace Women's Aid | €39,839 |
| Cumann Éireannach Londain Theas | €3,969 |
| Pinsinéirí Éireannacha, Southwark | €140,117 |
| Southwark Travellers Action Group | €51,940 |
| St. Finbarr's Sports and Social Club | €3,415 |
| Ionad Éireannach Mhíchíl | €50,015 |
| Féile Lá Fhéile Pádraig, Birmingham | €9,073 |
| Streetwork UK | €22,681 |
| Cumann Éireannach, Teeside | €1,588 |
| Gluaiseacht an Lucht Siúil | €134,198 |
| Ionad Éireannach Tyneside | €15,877 |
| Cumann Chultúr na hÉireann, Tyneside | €29,356 |
| West Hampstead Women's Centre | €5,436 |
| Cumann Éireannach, York | €3,402 |
| **An Bhreatain** | **€5,344,993** |

## Stáit Aontaithe Mheiriceá

| TIONSCADAL | EURO |
|---|---|
| Ionad Pobail Aisling do Mhuintir na hÉireann | €332,960 |
| Cumann Éireannach, Amherst | €3,798 |
| Battery Heritage Foundation | €7,623 |
| Paráid Lá Fhéile Pádraig, Bay Ridge | €8,440 |
| Catholic Charities Community Services A-D NY | €60,139 |
| Celtic Junction Arts Center | €10,971 |
| Celtic MKE | €13,503 |
| Chicago Celts for Immigration Reform | €20,923 |
| Tacaíocht d'Inimircigh Éireannacha, Chicago | €132,340 |
| Conradh na Gaeilge LA | €3,376 |
| Comhghuaillíocht d'Aonaid Inimirce Éireannacha | €77,500 |
| Con Gen New York Strategic Project - Irish Screen America | €16,879 |
| Na hÉireannaigh Dhigiteacha (Nua-Eabhrac) | €4,235 |
| Emerald Isle Immigration Centre | €206,000 |
| Ambasáid in Washington, Tionscadail Straitéiseacha- 1. Na Daoine gan Cáipéisí Inimirce & 2.Suirbhé ar an Óige | €21,626 |
| Friends of Irish Studies, The | €14,685 |
| Gaelic American Athletic Association of Buffalo | €1,719 |
| Gingold Theatrical Group | €8,593 |
| Glucksman Ireland House - NY University | €20,086 |
| Fondúireacht Chultúr na hÉireann, Mórcheantar Danbury | €8,623 |
| Hudson Valley Irish Fest Inc. | €9,995 |
| Ionad Pobail na hÉireann Mheiriceá | €12,705 |
| Ionad Oidhreacht na hÉireann Mheiriceá, Chicago | €182,550 |
| Músaem Oidhreacht na hÉireann Mheiriceá | €8,862 |
| Irish Apostolate USA | €31,226 |
| Irish Business Organisation of New York Inc | €5,929 |
| Comhdháil na hÉireann, Deisceart California | €5,064 |
| Fondúireacht Chultúrtha agus Foghlama Éireannach | €16,879 |
| Cumann Chultúr agus Spórt na hÉireann, Deisceart Connecticut | €2,965 |
| Cultúr na hÉireann, Bay Area | €8,593 |
| Ionad Chultúr na hÉireann, New England | €107,407 |
| Ionad Chultúr na hÉireann, New England Thiar | €54,633 |
| Aonach Éireannach Minnesota | €8,440 |
| Ionad Oidhreacht na hÉireann, Mórcheantar Cincinnati | €8,440 |
| Irish Heritage Society of Milford Inc | €6,444 |
| Ionad Inimirce Éireannaigh, Philadelphia | €160,728 |
| Ionad Inimirce agus Tréadchúraim Éireannaigh, San Francisco | €158,494 |

| | |
|---|---|
| Ionad Inimirce Idirnáisiúnta Éireannaigh, Bostún | €209,374 |
| Líonra Éireannach, Bay Area | €2,532 |
| Líonra Éireannach, Chicago | €6,776 |
| Irish Network USA Inc | €33,758 |
| For-rochtain na nÉireannach, San Diego | €55,629 |
| Ionad Tréadchúraim Éireannaigh, Bostún | €124,093 |
| Ionad Éireannach, Cathair Kansas | €105,494 |
| Louisiana Hibernian Charity | €210,296 |
| Ionad Oidhreacht na hÉireann, Maine | €33,881 |
| Marion Military Institute Gaelic Club | €268 |
| Ionad Ealaíon na hÉireann, Nua-Eabhrac | €1,128,000 |
| Ionad Éireannach, Nua-Eabhrac | €311,286 |
| Origin Theatre Company | €10,139 |
| Pieta House NY | €13,794 |
| Rosenbach Museum & Library | €8,470 |
| Tacaíocht d'Inimircigh Éireannacha | €13,419 |
| Society of Commodore John Barry | €4,913 |
| South Florida Irish American Chamber of Commerce, Inc | €1,013 |
| The Galway Committee of Chicago Sister Cities International | €6,822 |
| Young Leaders Global Race | €446 |
| **Stáit Aontaithe Mheiriceá** | **€4,043,776** |

## Ceanada

| TIONSCADAL | EURO |
|---|---|
| Ancient Order of Hibernians Canada, Inc | €1,179 |
| Benevolent Irish Society of PE Island | €4,111 |
| Embassy Ottawa Strategic ProjecT - Canada 150 | €21,484 |
| Celtic Cultural Society of Nova Scotia | €2,620 |
| Emerald Isle Seniors Society | €21,194 |
| Féile Bloomsday | €1,572 |
| Cumann Tráchtála na hÉireann-Cheanada, Ottawa | €1,965 |
| Fondúireacht Páirceanna Éireannacha | €32,750 |
| Cumann Éireannach, Manitoba | €9,664 |
| Irish Canadian Cultural Association New Brunswick, Capital Area Chapter | €3,799 |
| Club Éireannach-Cheanada, Hamilton | €4,146 |
| Ionad Inimirce Éireannaigh Cheanada, Toronto - Eamonn O'Loghlin | €45,851 |
| Féile Scannán na hÉireann, Ottawa | €1,999 |
| Cumann Oidhreachta na hÉireann, Ceanada | €2,293 |
| Irish Society Seniors' Drop-In | €5,432 |
| Líonra do Mhná Éireannacha, BA | €643 |
| Memorial University of Newfoundland | €101,622 |
| Cumann Éireannach, Okanagan | €3,332 |
| An Cumann um Chaomhnú Oidhreacht na hÉireann, Renews agus an mórcheantar timpeall Renews | €2,666 |
| Cumann Pharáid Lá Fhéile Pádraig | €1,310 |
| St. Patrick's Home of Ottawa | €833 |
| The New Trad Society | €3,332 |
| Toronto Irish Players | €3,979 |
| **Ceanada** | **€277,776** |

## An Astráil

| TIONSCADAL | EURO. |
|---|---|
| Club Éireannach, Canberra | €8,780 |
| Cumann Gaelach, Canberra | €2,433 |
| Eureka's Children Inc | €2,266 |
| Coiste Cuimhneacháin an Ghorta Mhóir in Éirinn | €3,433 |
| Ireland Calling Radio | €1,916 |
| Irish Australian Association Inc | €9,579 |
| Cumann Tráchtála na hÉireann-na hAstráile | €11,176 |
| Biúró Tacaíochta na hÉireann-na hAstráile | €95,722 |
| Cumann Tacaíochta na hÉireann-na hAstráile, Queensland | €65,746 |
| Scoil na Gaeilge Sydney | €1,327 |
| Gníomhaireacht Tacaíochta Éireannaí, Sydney | €133,566 |
| John Boyle O'Reilly Association Inc | €1,644 |
| Kidogo Art Institute (Fenians, Freemantle and Freedom) | €6,386 |
| MCRA Ltd - Irish Celtic Community Broadcasting Group | €6,634 |
| Cumann Éireannach NT | €2,235 |
| Queensland Irish Choir Inc | €2,630 |
| St. Patrick's Day Parade Association Inc | €9,862 |
| Aiteach agus Éireannach, Sydney | €4,151 |
| The Claddagh Association Inc | €93,830 |
| **An Astráil** | **€463,316** |

## Éire

| TIONSCADAL | EURO. |
|---|---|
| Comhaltas Ceoltóirí Éireann | €242,535 |
| Conradh na Gaeilge | €28,170 |
| Crosscare Migrant Project | €229,322 |
| CLL | €382,949 |
| Helplink | €59,250 |
| Fondúireacht Ollscoil na hÉireann-Cheanada | €121,000 |
| Iontaobhas Oidhreachta na hÉireann | €20,000 |
| Duillí Éireann | €11,000 |
| Ireland Reaching Out | €50,000 |
| Comhairle na hÉireann do Phríosúnaigh thar lear | €117,855 |
| Safehome Programme Ltd | €260,000 |
| Aontas na Mac Léinn in Éirinn: | €2,000 |
| **Éire** | **€1,524,081** |

## An tSín

| TIONSCADAL | EURO |
|---|---|
| Cumann Tráchtála na hÉireann, an tSín | €5,103 |
| **An tSín** | **€5,103** |

## An tSile

| TIONSCADAL | EURO |
|---|---|
| Fundación San Patricio | €2,000 |
| **An tSile** | **€2,000** |

## An Eastóin

| TIONSCADAL | EURO |
|---|---|
| Líonra Gnó na hÉireann-na hEastóine | €1,500 |
| **An Eastóin** | **€1,500** |

## An Fhrainc

| TIONSCADAL | EURO |
|---|---|
| An Ghaeltacht-sur-Seine | €4,000 |
| Na hÉireannaigh sa Fhrainc | €3,000 |
| **An Fhrainc** | **€7,000** |

## An Ghearmáin

| TIONSCADAL | EURO |
|---|---|
| Grúpa Forbartha na Gaeilge, Hamburg | €1,150 |
| Líonra na nÉireannach in München | €4,000 |
| **An Ghearmáin** | **€5,150** |

## An Ungáir

| TIONSCADAL | EURO |
|---|---|
| Ciorcal Gnó na hÉireann na hUngáire | €6,566 |
| **An Ungáir** | **€6,566** |

## An tSeapáin

| TIONSCADAL | EURO |
|---|---|
| Cumann Tráchtála na hÉireann-na Seapáine | €28,142 |
| **An tSeapáin** | **€28,142** |

## An Chéinia

| TIONSCADAL | EURO |
|---|---|
| Cumann Gnó na hÉireann-na Céinia | €4,387 |
| Coiste 100 Bliain na Céinia | €1,662 |
| **An Chéinia** | **€6,049** |

## Lucsamburg

| TIONSCADAL | EURO |
|---|---|
| Luxembourg CCE | €750 |
| Féile Scannán na Briotáine-na hÉireann | €2,000 |
| **Lucsamburg** | **€2,750** |

## An Ísiltír

| TIONSCADAL | EURO |
|---|---|
| Club Éireannach, An Ísiltír | €2,000 |
| Stitching DeeAispora Foundation | €3,500 |
| **An Ísiltír** | **€5,500** |

## An Nua-Shéalainn

| TIONSCADAL | EURO |
|---|---|
| NWSG Irish Interest Group | €333 |
| Iontaobhas Lá Fhéile Pádraig | €12,772 |
| **An Nua-Shéalainn** | **€13,105** |

## An Iorua

| TIONSCADAL | EURO |
|---|---|
| Cumann Éireannach na hIorua | €2,388 |
| Oslo Bloomsday Society | €1,016 |
| **An Iorua** | **€3,404** |

## An Phortaingéil

| TIONSCADAL | EURO |
|---|---|
| Líonra Gnó na hÉireann-na Portaingéile | €15,000 |
| **An Phortaingéil** | **€15,000** |

## An Rúis

| TIONSCADAL | EURO |
|---|---|
| Club Gnó na hÉireann, Moscó | €5,500 |
| **An Rúis** | **€5,500** |

## An Afraic Theas

| TIONSCADAL | EURO |
|---|---|
| Gnó Éireann, An Afraic Theas | €9,693 |
| Cumann Éireannach, An Afraic Theas | €12,491 |
| **An Afraic Theas** | **€22,184** |

## An tSualainn

| TIONSCADAL | EURO |
|---|---|
| Cumann Éireannach na Sualainne | €3,528 |
| **An tSualainn** | **€3,528** |

## An Eilvéis

| TIONSCADAL | EURO |
|---|---|
| Club Éireannach Basel | €2,641 |
| Líonra Gnó na hÉireann, An Eilvéis | €4,302 |
| Cumann Éireannach, an Ghinéiv | €1,541 |
| **An Eilvéis** | **€8,484** |

## An tSiombáib

| TIONSCADAL | EURO |
|---|---|
| Cumann Éireannach Mashonaland | €25,000 |
| **An tSiombáib** | **€25,000** |

GLOBAL IRISH

Government of Ireland
Emigrant Support Programme

An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála
Department of Foreign Affairs and Trade